Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 6 Iúil 2022**
**(OR. en)**

**11074/22**

**LIMITE**

**AGRI 321**
**AGRIFIN 68**
**AGRIORG 69**
**AGRISTR 47**
**AGRILEG 108**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cur chun feidhme CBT nua – pleananna straitéiseacha a fhormheas<br>*- Doiciméad ullmhúcháin ón Uachtaránacht* |

D'fhonn díospóireacht na Comhairle an 18 Iúil a ullmhú maidir le CBT nua a chur chun feidhme agus pleananna straitéiseacha a bheith á bhformheas ag an gCoiste Speisialta um Thalmhaíocht an 11 Iúil 2022, gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn doiciméad ullmhúcháin ón Uachtaránacht.

**IARSCRÍBHINN**

**CBT nua a chur chun feidhme – Pleananna straitéiseacha a fhormheas**

Glacadh an pacáiste reachtach le haghaidh CBT nua ag deireadh 2021. Le Rialachán (AE) 2021/2115 na bPleananna Straitéiseacha CBT, ceanglaíodh ar na Ballstáit a ndréachtphleananna straitéiseacha a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh lena bhformheas faoin 1 Eanáir 2022. Ní mór go bhformheasfaidh an Coimisiún Eorpach na pleananna straitéiseacha seo in 2022 chun caiteachas CBT a chur chun feidhme ó 2023 ar aghaidh, lena n-áirítear íocaíochtaí díreacha.

De bharr an tráthchláir dhocht, níor éirigh le roinnt Ballstát a ndréachtphleananna straitéiseacha a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin spriocdháta ach chuir siad faoina bhráid iad mall. Tá measúnú déanta ag an gCoimisiún ar na dréachtdoiciméid straitéiseacha agus chuir sé litreacha chuig na Ballstáit lena gcuid barúlacha a chomhroinnt. Tá idirphlé struchtúrtha ar bun idir an Coimisiún agus na Ballstáit chun an bealach a láimhseáiltear na barúlacha ó na seirbhísí sin de chuid an Choimisiún a shoiléiriú.

I bhfianaise an tráthchláir dhocht, is tasc ríthábhachtach é bailchríoch a chur ar na pleananna straitéiseacha CBT a bhfuil tréaniarrachtaí á ndéanamh ag na Ballstáit ina leith. Chuir an Chomhairle Eorpach chun suntais freisin sna conclúidí uaithi gur gá dlús a chur leis an bpróiseas formheasa.

I gcomhthráth le próiseas formheasa na bpleananna straitéiseacha, tá obair ar bun ag na Ballstáit faoi láthair chun an creat reachtach náisiúnta a bhunú, lena n-áirítear na coinníollacha tacaíochta, agus na córais faisnéise chun a áirithiú go seolfar an CBT nua ó thús 2023. Leis an CBT nua, cuirfear athruithe móra i bhfeidhm agus is iad na coinníollacha le haghaidh na hailtireachta glaise go háirithe atá ina ndúshlán mór d’fheirmeoirí. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, na feirmeoirí a chur ar an eolas in am trátha chun go mbeidh siad in ann ullmhú don socrú nua agus chun go mbeidh siad in ann, mar shampla, a gcleachtais síolchuir a oiriúnú. Tá coinníollacha tacaíochta féideartha á bplé le geallsealbhóirí ach is é an rud is tábhachtaí go mbeidh a fhios acu a luaithe is féidir cén chuma a bheidh ar na pleananna formheasta. Fágfaidh sin go mbeidh deimhneacht dhlíthiúil ag na Ballstáit chun bailchríoch a chur ar a gcreat dlíthiúil náisiúnta agus go mbeidh cinnteacht ag feirmeoirí agus cinntí á ndéanamh acu.

Is den ríthábhacht, dá bhrí sin, go mbeidh dlúthchomhar éifeachtach ann leis an gCoimisiún chun aghaidh a thabhairt ar na barúlacha maidir leis na dréachtphleananna straitéiseacha.

Tá tionchar suntasach ag an staid reatha san Úcráin ar réimse na talmhaíochta freisin agus ní mór dlúthfhaireachán a dhéanamh air i gcomhthéacs phróiseas formheasa na bpleananna straitéiseacha. Ní mór teacht ar réiteach cothrom chun cuspóirí comhshaoil, aeráide agus bithéagsúlachta a chomhlíonadh ach ní mór slándáil an tsoláthair bia, cobhsú na hearnála agus forbairt inbhuanaithe na gceantar tuaithe a áirithiú freisin.

PUBLIC

I bhfianaise an chúlra sin, ba mhaith leis an Uachtaránacht díospóireacht aireachta a thionól chun tuairimí a mhalartú maidir le staid na himeartha i ndáil le formheas na bpleananna straitéiseacha CBT sna Ballstáit. Chun struchtúr a chur ar na pléití don Chomhairle Talmhaíocha agus Iascaigh i mí Iúil, molann an Uachtaránacht go ndíreofaí ar dhá ghné. Is é atá sa chéad cheann ná staid an ullmhúcháin maidir leis an CBT nua i ngach Ballstát agus an gá atá leis na pleananna a fhormheas a luaithe is féidir. Is é atá sa dara ceann an tionchar atá ag an staid reatha san Úcráin agus na gníomhaíochtaí nach mór a dhéanamh chun a áirithiú go mbainfear torthaí amach leis na pleananna, lena n-áirítear a chinneadh ar cheart roinnt de na maoluithe ar na rialacha nua CBT a dheonú do 2023.

<u>*Ceisteanna atá beartaithe:*</u>

– *<u>Ceist 1:</u> Cén chéim ag a bhfuil sibh faoi láthair maidir leis an ullmhúchán don CBT nua ar an leibhéal náisiúnta? An mbeidh sibh in ann na forálacha náisiúnta riachtanacha a ghlacadh, na córais faisnéise a bhunú, an plean straitéiseach a fhormheas agus feirmeoirí agus an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas in am trátha?*

– *<u>Ceist 2:</u> De bharr na staide reatha san Úcráin, cad é bhur mbarúil maidir leis an idirphlé struchtúrtha leantach agus cé na dúshláin a mheasann sibh a bheith ann agus cur chun feidhme na hAiltireachta Glaise nua á ullmhú? Cad iad na príomhghnéithe atá le cur san áireamh chun cur chuige cothrom agus indéantacht faoi CBT a áirithiú?*